

Imlitir 0071/2010

Chuig Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta le héifeacht ó

1.9.2010

- 1 Cúrsa leasaithe litríochta le cur faoi scrúdú i 2012, i 2013 agus i 2014 – Soiléiriú maidir leis an dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire (Ardleibhéal)***
- 2 Uainiúchán na scrúduithe – Páipéir 1 agus 2 ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal, agus an Páipéar Bonnleibhéal.**
- 3 Ardteistiméireacht Fheidhmeach – scoláirí a sheasann an scrúdú Gaeilge i mBliain 1 den chlár.**

1 Soiléiriú maidir leis an dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire (Ardleibhéal)*

Iarrtar ar údaráis scoileanna an soiléiriú seo maidir leis an dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* a chur faoi bhráid na mhúinteoirí Gaeilge in bhur scoileanna atá nó a d'fhéadfadh a bheith ag plé le siollabas Gaeilge nuashonraithe na hArdteistiméireachta (ardleibhéal) a theagasc.

In Imlitir 20/2010 ainmnítear an dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* mar cheann de chúig dhán ainmnithe, ar a dtugtar Dánta Breise, atá mar rogha amháin sa mhír Litríocht Bhreise. Ainmnítear línte áirithe (80 líne san iomlán) as an dán nach mór staidéar a dhéanamh orthu.

Tuigtear don Roinn Oideachais agus Scileanna nach ionann na línte ón dán sin i ngach aon téacsleabhar atá in úsáid sna seomraí ranga nó a d'fhéadfadh a bheith in úsáid amach anseo. Tá staidéar le déanamh ar 80 líne as an mbuntéacs den dán. Is mar a chéile iad 52 líne de na línte sin i ngach téacsleabhar. I gcás 28 líne eile áfach tá leaganacha difriúla le fáil ins na téacsleabhair dhifriúla. Tá an dá leagan a úsáidtear i dtéacsleabhair leagtha amach thall.

Comhairlítear do mhúinteoirí agus do scoláirí staidéar a dhéanamh ar cheann amháin den dá leagan den dán, mar a thaispeántar thall.

Maidir le ceisteanna scrúdaithe a d'fhéadfaí a chur ar an dán féachfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit chuige nach mbeidh aon iarrthóir faoi mhíbhuntáiste is cuma cén leagan den dán a ndéantar staidéar air. Cuirfear an dá leagan den dán ar an bpáipéar scrúdaithe. **Ó thaobh scrúduithe mar sin tá an tsaoirse ag múinteoirí agus ag scoláirí pé ceann den dá leagan den dán, mar a thaispeántar thall iad, is rogha leo.**

2 Uainiúchán Páipéar 1 agus 2 i nGaeilge ag an Ardteistiméireacht Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal, agus an Páipéar Bonnleibhéal ins na scrúduithe ó 2012 i leith.

Tá an t-uainiúchán mar atá leagtha amach ins na siollabais a eisíodh níos luaithe i mbliana bunaithe ar an gcomhairle a fuarthas ó choiste siollabas na CNCM. **Cuirfear 20 nóiméad breise leis an am do na scrúduithe seo** mar chuid den tionscnamh a tugadh isteach do líon áirithe ábhar i 2000 de bhun Tuarascála an Ghrúpa Saineolaithe faoi Scrúduithe Teastais i dtaca leis na socrúithe do mheasúnú iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Léireofar an 20 nóiméad breise ar na hamchláir scrúduithe a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Táthar ag leasú na siollabas ar shuíomh gréasán na Roinne chun an fhaisnéis seo a chur san áireamh.

3 Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí – scoláirí a sheasann an scrúdú i mBliain 1 den chlár

Cuirtear i gcuimhne leis seo do na scoileanna uile gurb amhlaidh, mar a cuireadh in iúl i gCiorclán 0042/2007 agus 0056/2010, **go n-éileofar ar scoláirí a sheasfaidh scrúdú na hArdteistiméireachta Feidhmí sa Ghaeilge Chumarsáideach i mBliain 1 den chlár, i 2011, cloí leis an siollabas nua a eisíodh le Ciorclán 0056/2010, faoina mbeidh 40% de na marcanna ar fáil do mheasúnú béil.** I gcás scoláirí a sheasfaidh an scrúdú i mBliain 2 den chlár, ní bheidh feidhm leis an siollabas nuashonraithe go dtí go mbeidh scrúduithe 2012 ann. Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit sonraí faoi na socrúithe do mheasúnú do scoileanna go rí-ghairid.

Ba mhór agam ach an ciorclán seo a chur ar a súile do mhúinteoirí Gaeilge. Bheinn buíoch díot chomh maith ach cóip den chiorclán seo a sholáthar d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí lena gcur ar aghaidh de réir mar is cuí do thuismitheoirí agus múinteoirí aonair. Tá fáil ar an siollabas seo chomh maith ar www.education.ie

Margaret Kelly
Príomhoifigeach
Rannóg Pholasáí Cáilíochtaí, Curaclaim agus Measúnachta

Nollaig 2010



Circular 0071/2010

To the Management Authorities of Second Level Schools

Leaving certificate Irish syllabuses effective from 1.9.10

- 1 Revised literature course for examination in 2012, 2013, and 2014 – clarification regarding the poem *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* (Higher Level)**
- 2 Timing of examinations – Papers 1 and 2 at Ordinary and Higher Levels, and the Foundation Level paper.**
- 3 Leaving Certificate Applied – students who sit their Irish examination in Year 1 of the programme.**

1 Clarification regarding the poem *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* (Higher Level)

The management authorities are requested to draw this clarification with regard to the poem *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* to the attention of the Irish teachers in your schools who are at present or who may at a future date be teaching the updated Leaving Certificate Irish syllabus (higher level).

Circular letter 20/2010 lists the poem *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* as one of five prescribed poems, called Dánta Breise (additional poems), that form one option in the Litríocht Bhreise (additional literature) section. Certain lines are prescribed from the original text of the poem (80 lines in total) which must be studied.

The Department of Education and Skills understands that the lines from the poem are not identical in all of the textbooks that are in use or that may at a future date be in use in classrooms. The lines shown in all textbooks are identical in the case of 52 of those lines. In the case of a further 28 lines however the versions differ as between certain of the textbooks. The two versions in use in textbooks are set out overleaf.

Teachers and students are advised to study either of the two versions of the poem, as shown overleaf.

In relation to examination questions on the poem that may be set, the State Examinations Commission will ensure that no candidate will be disadvantaged as a result of the version of the poem that they study. Both versions of the poem will be printed on the examination paper. **With regard to examinations therefore, teachers and students are free to choose whichever of the two versions of the poem, as shown overleaf.**

2 Timing of Paper 1 and 2 in Gaeilge at Leaving Certificate Ordinary and Higher level, and the Foundation Level paper in the examinations from 2012 onwards.

The time shown in the syllabuses issued earlier this year reflects the advice of the NCCA syllabus committee. **An additional 20 minutes will be added to the time for these examinations** as part of the initiative introduced in a number of subjects in 2000 on foot of the Report of the Expert Group on Certificate Examinations in relation to the arrangements for the assessment of candidates with special needs. The extra 20 minutes will be shown on the examination timetables issued by the State Examinations Commission. The syllabuses on the Department's website are being amended to include this information.

3 Leaving Certificate Applied Programme – students who take the examination in Year 1 of the programme

As indicated in Circulars 0042/2007, and 0056/2010, this is to remind all schools that **students who sit their LCA Gaeilge Chumarsáideach examination in year 1 of the programme, in 2011, will be required to follow the new syllabus issued with Circular 0056/2010, under which 40% of the marks will be available for oral assessment.** For students who sit the examination in Year 2 of the programme, the revised syllabus will not apply until the 2012 examinations. Details of the assessment arrangements will issue very shortly to schools from the State Examinations Commission.

Please bring this Circular to the attention of teachers of Irish. Please also provide a copy to the appropriate representatives of parents and teachers for transmission as appropriate to individual parents and teachers. This circular may be accessed at www.education.ie.

Margaret Kelly
Príomhoifigeach
Qualifications Curriculum and Assessment Policy Unit

December 2010

CAOINEADH AIRT UÍ LAOGHAIRE

I

- Mo ghrá go daingean tu !
Lá dá bhfaca thu
Ag ceann tí an mhargaidh,
4 Thug mo shúil aire dhuit,
Thug mo chroí taitneamh duit,
D'éalaíos óm charaid leat
I bhfad ó bhaile leat.
- 8 Is domhsa nárbh aithreach:
Chuiris parlús á ghealadh dhom
Rúmanna á mbreacadh dhom
Bácús á dheargadh dhom,
12 Brící á gceapadh dhom,
Rósta ar bhearaibh dom,
Mairt á leagadh dhom;
Codladh i gclúmh lachan dom
16 Go dtíodh an t-eadartha
Nó thairis dá dtaitneadh liom.
- Mo chara go daingean tu!
Is cuimhin lem aigne
20 An lá breá earraigh úd,
Gur bhreá thíodh hata dhuit
Faoi bhanda óir tarraingthe,
Claíomh cinn airgid –
24 Lámh dheas chalma –
Rompsáil bhagarthach –
Fír-chritheagla
Ar námhaid chealgach –
28 Tú i gcóir chun falaracht,
Is each caol ceannann fút.
D'umhlaidís Sasanaigh
Síos go talamh duit,
32 Is ní ar mhaithe leat
Ach le haon-chorp eagla,
Cé gur leo a cailleadh tu,
A mhuirnín mh'anama.
- 36 Mo chara thu go daingean!
Is nuair thiocfaidh chugham abhaile
Conchubhar beag an cheana
Is Fear Ó Laoghair, an leanbh,
40 Fiafróid díom go tapaidh

- Cár fhágas féin a n-athair.
'Neosad dóibh faoi mhairg
Gur fhágas i gCill na Martar.
44 Glaofaid siad ar a n-athair,
Is ní bheidh sé acu le freagairt.
- Mo chara thu go daingean!
Is níor chreideas riamh dod mharbh
48 Gur tháinig chugham do chapall
Is a srianta léi go talamh,
Is fuil do chroí ar a leacain
Siar go t'iallait ghreanta
52 Mar a mbítheá id shuí 's id sheasamh.
Thugas léim go tairsigh,
An dara léim go geata,
An tríú léim ar do chapall.
- 56 Do bhuaileas go luath mo bhasa
Is do bhaineas as na reathaibh
Chomh maith is bhí sé agam,
Go bhfuaras romham tu marbh
60 Cois toirín ísil aitinn,
Gan Pápa gan easpag,
Gan cléireach gan sagart
Do léifeadh ort an tsailm,
64 Ach seanbhean chríonna chaite
Do leath ort binn dá fallaing –
Do chuid fola leat 'na sraithibh;
Is níor fhanas le hí ghlanadh
68 Ach í ól suas lem basaibh.
- 177 Mo ghrá thu agus mo rún!
Tá do stácaí ar a mbonn,
Tá do bha buí á gcrú;
180 Is ar mo chroí atá do chumha
Ná leigheasfadh Cúige Mumhan
Ná Gaibhne Oileáin na bhFionn.
Go dtiocfaidh Art Ó Laoghaire chugham
184 Ní scaipfidh ar mo chumha
Atá i lár mo chroí á bhrú,
Dúnta suas go dlúth
Mar a bheadh glas a bheadh ar thrúnc
188 'S go raghadh an eochair amú.

CAOINEADH AIRT UÍ LAOGHAIRE

I
Eibhlín Dhubh

(i)

Mo ghrá go daingean tu !
Lá dá bhfaca thu
Ag ceann tí an mhargaidh,
Thug mo shúil aire dhuit,
5 Thug mo chroí taitneamh duit,
D'éalaíos óm charaid leat
I bhfad ó bhaile leat.

(ii)

Is domhsa nárbh aithreach:
Chuiris parlús á ghealadh dhom
10 Rúmanna á mbreacadh dhom
Bácús á dheargadh dhom,
Brící á gceapadh dhom,
Rósta ar bhearaibh dom,
Mairt á leagadh dhom;
15 Codladh i gclúmh lachan dom
Go dtíodh an t-eadartha
Nó thairis dá dtaitneadh liom.

(iii)

Mo chara go daingean tu!
Is cuimhin lem aigne
20 An lá breá earraigh úd,
Gur bhreá thíodh hata dhuit
Faoi bhanda óir tarraingthe,
Claíomh cinn airgid –
Lámh dheas chalma –
25 Rompsáil bhagarthach –
Fír-chritheagla
Ar námhaid chealgach –
Tú i gcóir chun falaracht,
Is each caol ceannann fút.
30 D'umhlaídís Sasanaigh
Síos go talamh duit,
Is ní ar mhaithe leat
Ach le haon-chorp eagla,
Cé gur leo a cailleadh tu,
35 A mhuirnín mh'anama.

(iv)

A mharcaigh na mbán-ghlac!
Is maith thíodh biorán duit
Daingean faoi cháimbric,
Is hata faoi lása.
40 Tar éis teacht duit thar sáile
Glantaí an tsráid duit,
Is ní le grá dhuit
Ach le han-chuid gráine ort.

(v)

Mo chara thu go daingean!
45 Is nuair thiocfaidh chugham abhaile
Conchubhar beag an cheana
Is Fear Ó Laoghaire, an leanbh,
Fiafróid díom go tapaidh
Cár fhágas féin a n-athair.
50 'Neosad dóibh faoi mhairg
Gur fhágas i gCill na Martar.
Glaofaid siad ar a n-athair,
Is ní bheidh sé acu le freagairt.

(vi)

Mo chara is mo ghamhain tu!
55. Gaol Iarla Antroim
Is Bharraigh ón Allchoill,
Is breá thíodh lann duit,
Hata faoi bhanda,
Bróg chaol ghallda,
60 Is culaith den abhras
A sníomhthaí thall duit.

(vii)

Mo chara thu go daingean !
Is níor chreideas riamh dod mharbh
Gur tháinig chugham do chapall
65 Is a srianta léi go talamh,
Is fuil do chroí ar a leacain
Siar go t'iallait ghreanta
Mar a mbítheá id shuí 's id sheasamh.

177 Níor dheineas dá chaint ach magadh,
Mar bhíodh á rá liom go minic cheana.

(xx)

- 180 Mo chara thu is mo chuid !
A mharcaigh an chlaímh ghil,
Éirigh suas anois,
Cuir ort do chulaith
Éadaigh uasail ghlain,
Cuir ort do bhéabhar dubh,
185 Tarraing do lámhainní umat.
Siúd í in airde t'fhuip;
Sin í do láir amuigh.
188 Buail-se an bóthar caol úd soir